

AGUISÍN 2

Scéim Ath-implonnaíochta do mhúinteoirí atá iomarcach ar chúinsí seachas dúnadh scoileanna

Comhaontaíodh, faoi bhun fhorálacha Chomhaontú *I dTreo 2016*, nós imeachta maidir le hath-implonnú múinteoirí iarbhunscoile atá iomarcach de thoradh ar dhúnadh scoileanna. Beidh feidhm ag an scéim atá leagtha amach sa doiciméad seo le múinteoirí iarbhunscoile, idir bhuanmhúinteoirí agus mhúinteoirí ar Chonradh Tréimhse Éiginnte (CTÉ), atá iomarcach ar chúinsí seachas dúnadh scoileanna. Beidh feidhm aici freisin le daoine eile atá fostaithe mar mhúinteoirí i gcáil bhuan/CTÉ agus atá iomarcach.

Stiúrthóir a Cheapadh

1. Tar éis comhairliúcháin leis na páirtithe, ceapfaidh an tAire Stiúrthóirí/Leas-Stiúrthóirí (de réir mar is cuí) ar an Scéim Ath-implonnaíochta ar a mbeidh sé de chúram an scéim a fheidhmiú de réir théarmaí an chomhaontaithe seo i bhfianaise na saincheistanna praiticiúla feidhmiúcháin. Is féidir le gach comhlacht bainistíochta agus le gach ceardchumann múinteoirí comhairleoir/comhairleoirí a cheapadh do na Stiúrthóirí/Leas-Stiúrthóirí. Beidh na Stiúrthóirí/Leas-Stiúrthóirí in ann teacht ar na comhairleoirí seo chun críocha comhairliúcháin de réir mar a thograíonn sé/sí agus cabhróidh siad le saincheistanna praiticiúla nó loighistice a aithint.

Folúntais a Fhógairt

2. Ní mór do gach scoil dara leibhéal aitheanta, nó, de réir is cuí, an Coiste Gairmoideachais lena mbaineann, má tá iallach orthu chuige de réir théarmaí na scéime, Stiúrthóir na Scéime Ath-implonnaíochta a chur ar an eolas faoi gach folúntas ábhartha sa scoil. Beidh sé ina choinníoll i dtaca le líonadh a leithéid d'fholúntas gur cuireadh an Stiúrthóir ar an eolas chomh luath agus a tháinig sé chun cinn mar pháirt den phróiseas seo. Ní dhéanfar aon cheapachán gan sainúdarás scríofa an Stiúrthóra chuige sin.
3. Is iad na folúntais atá infheidhme chun críocha na Scéime Ath-implonnaíochta ná gach folúntas buan nó sealadach i bpoist lánaimseartha nó pháirtaimseartha, ach amháin i gcás nach féidir 'folúntas' a thabhairt ar a leithéid de phost trí oibriú an dlí. Bíodh sin mar atá, ba cheart don scoil ina leithéid de chás an Stiúrthóir a chur ar an eolas faoin fholúntas agus a mhíniú cén bac dlíthiúil atá ann le nach féidir é a líonadh ón bpainéal ath-implonnaíochta. Agus an Scéim á hoibriú aige/aici, beidh aird ag an Stiúrthóir ar na cúinsí praiticiúla a bhaineann leis an ath-implonnú a úsáid chun folúntais ghearrthréimhse a líonadh.

4. I gcás gach poist nó gach cuid de phost a chuimsítear faoin Scéim Ath-implonáíochta, déanfaidh an t-údarás scoile, nó an Coiste Gairmoideachais, de réir mar is cuí, an chúis atá leis an gceapachán atá beartaithe a chur in iúl agus cuirfidh siad a roghanna féin in iúl maidir le hábhair/cláir i dtaca le líonadh an fholúntais de. Is féidir go gcuirfidh an Stiúrthóir iallach ar scoil nó ar Choiste Gairmoideachais aon eolas breise a nochtadh a mheasann sé/sí a bheith riachtanach ar mhaithe le feidhmiú éifeachtach na scéime.

Mar a mheastar múinteoirí a bheith iomarcach

5. Bíonn múinteoir(i) iomarcach(a) ann i gcás go mbeadh múinteoir amháin nó líon níos mó ná sin fostaithe ag scoil/Coiste Gairmoideachais sa bhreis ar a lamháltas agus go mbeadh sé sin os cionn 1% de lamháltas iomlán na scoile/an Choiste Gairmoideachais. Is é an lamháltas atá le húsáid chun na críche seo ná an lamháltas mar a bhí ar 31 Nollaig den bhliain roimh an ath-implonú arna choigeartú ag cinntí beartais maidir le Cóimheas Daltaí le Múinteoirí agus poist teagaisc eile. Má tharlaíonn, i gcás Coiste Gairmoideachais, go ndéantar an iomarcaíocht a roinnt i measc roinnt scoileanna éagsúla, beidh aird ag an Stiúrthóir ar pé éagothromaíochtaí a eascraíonn as sin le linn dó/dí a bheith ag teacht ar thuairim maidir leis an leibhéal ath-implonáíochta a theastaíonn.
6. Ní mór do gach scoil/Coiste Gairmoideachais ina bhfuil iomarcaíocht tuairisc a chur go dtí Stiúrthóir na Scéime Ath-implonáíochta agus pé múinteoir(i) atá le hath-implonú a ainmniú. Is mar seo a leanas a shocrófar cé hiad na múinteoirí atá le hath-implonú:
 - Gheobhaidh an scoil/Coiste Gairmoideachais amach, ar an gcéad ásc, má tá aon duine san fhoireann reatha atá ag iarraidh a bheith san áireamh i gcomhair ath-implonú ar bhonn deonach. Le linn don duine a spéis san ath-implonú deonach a chur in iúl, sonróidh sé/sí an ceantar ina bhfuil sé/sí ag iarraidh a bheith ath-implonaithe. Ní mór don Bhord Bainistíochta a chur in iúl an bhfuil ar a gcumas ligean don mhúinteoir imeacht gan múinteoir eile a chur ina (h)áit agus an t-iarratas a cheadú.
 - I gcás go n-ainmníonn scoil/Coiste Gairmoideachais múinteoir i gcomhair ath-implonú deonach, cloífidh siad leis na nósanna imeachta atá leagtha amach in alt 7 thíos agus múinteoir a ainmniú i gcomhair ath-implonú éigeantach. I gcás nach mbeidh sé indéanta múinteoir a ath-implonú ar bhonn deonach, leanfaidh an Stiúrthóir ar aghaidh agus an múinteoir a ainmneofar de bhun na nósanna imeachta atá leagtha amach in alt 7 thíos a ath-implonú.
7. Cloífidh gach scoil/Coiste Gairmoideachais ina bhfuil múinteoir(i) iomarcach(a) leis an nós imeachta seo a leanas chun múinteoir a ainmniú i gcomhair ath-implonú agus an t-ainmniúchán a chur faoi bhráid an Stiúrthóra.
 - Ar an gcéad ásc, féachfaidh an scoil/Coiste Gairmoideachais ar chás an mhúinteora is sóisearaí d'fhonn a thomhas an bhféadfadh an

scoil/Coiste Gairmoideachais feidhmiú in éagmais an mhúinteora sin i bhfianaise na n-acmhainní a ceadaíodh dóibh. Má mheasann siad go bhféadfadh, déanfar an múinteoir sin a ainmniú leis an Stiúrthóir i gcomhair a (h)ath-implonaithe.

- Idir seo agus athbhreithniú atá le déanamh an bhliain seo chugainn, chomhaontaigh na páirtithe gur ar an mbonn seo a chinnfear ‘sinsearachta’ chun críche na scéime seo:
 - (a) Meánscoileanna Deonacha – de réir Aguisín a Dó de Chiorclán PPT 29/02,
 - (b) Scoileanna Gairmoideachais – de réir na bprionsabal atá leagtha amach sa Chomhaontú inmheánach um Aistriú Múinteoirí, Márta 1999,
 - (c) Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha – de réir Chiorclán PPT 07/02.
 - I gcás go gcinneadh an scoil nach féidir feidhmiú in éagmais an mhúinteora is sóisearaí, déanfaidh siad athbhreithniú ar chás an dara múinteoir is sóisearaí de réir mar atá leagtha amach thuas. Ansin, déanfaidh siad athbhreithniú ar gach múinteoir in ord cúlaitheach sinsearachta go dtí go dtiocfar ar ainmní ar féidir é/í a ath-implonú ó na hacmhainní atá ar fáil faoi láthair.
 - Cuirfidh an scoil ráiteas ar fáil do mhúinteoir(i) a ainmneofar i gcomhair ath-implonú ina leagfar amach an bonn a bhí leis an gcinneadh agus cén fáth, i bhfianaise riachtanais churaclaim na scoile, a ainmníodh duine faoi leith seachas daoine níos sóisearaí.
8. Nuair atá múinteoir(i) iomarcach i scoil/Coiste Gairmoideachais, ní mór, i ngach uile chúinse, ainmniúchán (nó ainmniúcháin, ag brath ar leibhéal na hiomarcaíochta) a chur ar fáil don Stiúrthóir.
 9. Ní mór cloí leis an nós imeachta atá leagtha amach thuas go dtí go mbeidh an iomarcaíocht faoi bhun post amháin nó 1% dá lamháltas foriomlán (cibé acu is mó).
 10. Nuair a bheidh sonraí an ainmní i gcomhair ath-implonú á gcur faoi bhráid an Stiúrthóra, beidh sé de rogha ag an múinteoir ainmnithe mionsonraí a thabhairt, i bhfoirm a chuirfear ar fáil chuige sin, ar pé slite nár cloíodh leis an bpróiseas agus leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chomhaontú seo. Déanfaidh an Stiúrthóir na hábhair inní seo a mheas agus deimhneoidh dó/di féin gur cloíodh leis na próisis agus leis na nósanna imeachta mar ba chóir.
 11. I gcás go measann scoil nó Coiste Gairmoideachais gur rud gearrthréimhseach atá san iomarcaíocht, i bhfianaise líon na ndaltaí a cláraíodh go dtí seo nó a chlárófar amach anseo, de réir meastachán, beidh sé de chead acu fianaise a chur i láthair an Stiúrthóra chun tacú leis an tuairim sin. I gcás go mbeidh an Stiúrthóir sásta nach mairfidh an iomarcaíocht, beidh sé de lánrogha aige/aici cinneadh maidir le hath-implonú a chur siar.

Ath-implonú Múinteoirí

12. Cruthóidh an Stiúrthóir painéal múinteoirí atá le hath-implonú.
13. Féadann an Stiúrthóir, i ngach cás, múinteoir a chur i scoil laistigh de 50 ciliméadar ón scoil ina bhfuil sé/sí faoi láthair nó pé fad óna (h)áit chónaithe a iarrann an múinteoir féin. I gcás go mbeadh an múinteoir le hath-implonú an dara huair nó arís eile ina dhiaidh sin, beidh cead aige/aici, chun críocha oibriú na scéime, rogha a dhéanamh idir an scoil ina bhfuil sé/sí faoi láthair, scoil(eanna) ina raibh sé/sí roimhe seo nó a (h)áit chónaithe féin.
14. Déanfaidh an Stiúrthóir a d(h)ícheall, oiread agus is féidir, múinteoirí iomarcacha a ath-implonú de réir riachtanais churaclaim na scoileanna agus de réir cháilíochtaí agus thaithí theagaisc an mhúinteora.
15. I gcás múinteoir atá in earnáil na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha, déanfaidh an Stiúrthóir an múinteoir sin a chur sa phost is oiriúnaí, dar leis an Stiúrthóir, agus aird aige/aici ar na tosca seo a leanas:
 - riachtanais churaclaim na scoile
 - rogha an mhúinteora i gcás go mbeadh níos mó ná post amháin ann
 - taithí theagaisc an mhúinteora agus na scoileanna a raibh sé/sí iontu go dtí seo a chur san áireamh
 - an méid ama a chaithfeadh an múinteoir ag taisteal
 - aon toisc eile a mheasfaidh an Stiúrthóir a bheith ábhartha.
16. (a) I gcás múinteoir in earnáil na Meánscoileanna Deonacha, déanfaidh an Stiúrthóir ar an gcéad ásc agus más indéanta, an múinteoir sin a chur sa phost is oiriúnaí in earnáil na Meánscoileanna Deonacha agus aird aige/aici ar na tosca seo a leanas:
 - riachtanais churaclaim na scoile
 - rogha an mhúinteora i gcás go mbeadh níos mó ná post amháin ann
 - taithí theagaisc an mhúinteora agus na scoileanna a raibh sé/sí iontu go dtí seo a chur san áireamh
 - an méid ama a chaithfeadh an múinteoir ag taisteal
 - aon toisc eile a mheasfaidh an Stiúrthóir a bheith ábhartha.
- (b) I gcás nach mbeadh, dar leis an Stiúrthóir, a leithéid de phost ar fáil in earnáil na Meánscoileanna Deonacha, déanfaidh an Stiúrthóir an múinteoir a chur i bpost in earnáil na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha nó san earnáil Choiste Gairmoideachais, agus aird aige/aici ar na tosca seo a leanas:
 - riachtanais churaclaim na scoile
 - rogha an mhúinteora i gcás go mbeadh níos mó ná post amháin ann
 - taithí theagaisc an mhúinteora agus na scoileanna a raibh sé/sí iontu go dtí seo a chur san áireamh

- an méid ama a chaithfeadh an múinteoir ag taisteal
- aon toisc eile a mheasfaidh an Stiúrthóir a bheith ábhartha.

17. (a) I gcás múinteoir atá san earnáil Choiste Gairmoideachais, agus i gcás nach mbeadh folúntas oiriúnach sa scéim Choiste Gairmoideachais sin ar an gcéad ásc, déanfaidh an Stiúrthóir, más indéanta, an múinteoir a chur sa phost is oiriúnaí san earnáil Choiste Gairmoideachais agus aird aige/aici ar na tosca seo a leanas:

- riachtanais churaclaim na scoile
- rogha an mhúinteora i gcás go mbeadh níos mó ná post amháin ann
- taithí theagaisc an mhúinteora agus na scoileanna a raibh sé/sí iontu go dtí seo a chur san áireamh
- an méid ama a chaithfeadh an múinteoir ag taisteal
- aon toisc eile a mheasfaidh an Stiúrthóir a bheith ábhartha.

(b) I gcás nach mbeadh, dar leis an Stiúrthóir, a leithéid de phost ar fáil san earnáil Choiste Gairmoideachais, déanfaidh an Stiúrthóir an múinteoir a chur i bpost in earnáil na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha nó in earnáil na Meánscoileanna Deonacha, agus aird aige/aici ar na tosca seo a leanas:

- riachtanais churaclaim na scoile
- rogha an mhúinteora i gcás go mbeadh níos mó ná post amháin ann
- taithí theagaisc an mhúinteora agus na scoileanna a raibh sé/sí iontu go dtí seo a chur san áireamh
- an méid ama a chaithfeadh an múinteoir ag taisteal
- aon toisc eile a mheasfaidh an Stiúrthóir a bheith ábhartha.

18. Agus aird chuí á tabhairt ar na socruithe seichimh agus tosca eile atá imlínithe sa doiciméad seo, i gcás nach féidir leis an Stiúrthóir múinteoir a chur i bpost oiriúnach go héasca, beidh sé de lánrogha aige/aici an múinteoir a chur sa scoil is fearr a bhfuil a riachtanais churaclaim ag teacht, dar leis an Stiúrthóir, le cáilíochtaí agus le taithí theagaisc an mhúinteora. Má tharlaíonn go mbeidh riachtanas curaclaim iarmhartach sa scoil de thoradh ar chinneadh ath-implonáíochta, tá cead ag an scoil sin iarratas a dhéanamh faoin ngnáthphróiseas lamháiltais curaclaim.

19. Deimhneoidh an Stiúrthóir dó/di féin go mbeidh meas ag an múinteoir atá á (h)ath-implonú ar éiteas na scoile a mbeidh sé/sí á (h)ath-implonú inti agus go dtoileoidh an múinteoir meas a bheith aige/aici ar éiteas na scoile.

20. Beidh gach ath-implonú a dhéanfaidh an Stiúrthóir ceangailteach ar na páirtithe uile agus ceapfar an múinteoir ar fhoireann teagaisc na scoile glactha mar fhostaí de chuid an bhoird bainistíochta nó an Choiste Gairmoideachais, de réir mar is cuí, agus, faoi réir théarmaí alt 21, beidh sé/sí faoi rialú na dtéarmaí agus na gcoinníollacha atá infheidhmithe san earnáil sin.

21. Déanfaidh múinteoirí a ath-implonófar de thoradh na socrúithe seo pé seirbhís mhúinteoireachta ináirithe a bhí acu chun críocha ardú céime sa scoil roimhe a aistriú go dtí an scoil ghlactha agus beidh an tseirbhís sin ináirithe chun críocha ardú céime sa scoil ghlactha. Tá eisceacht amháin air sin: múinteoir ar bith atá á (h)ath-implonú ó mheánscoil dheonach go dtí an mheánscoil dheonach a ghlacann leis/léi, ní aistroidh sé/sí seirbhís mhúinteoireachta ináirithe chun críocha ardú céime.
22. Coinneoidh gach sealbhóir poist a liúntas post freagrachta tar éis a n-ath-implonnaithe. Beidh ar shealbhóirí poist dualgais bhainistíochta a chur i gcrích sa scoil ghlactha de réir riachtanais na scoile sin.
23. Beidh cead ag na páirtithe, ar iarratas múinteoir ath-implonnaithe nó ar iarratas scoil ghlactha, athbhreithniú a lorg ar chinneadh ath-implonnaíochta de chuid an Stiúrthóra faoin 31 Márta den bhliain tar éis don ath-implonú a bheith curtha i gcrích. Le linn don Stiúrthóir a bheith ag déanamh an athbhreithnithe, beidh aird aige/aici ar conas a cloíodh le téarmaí na scéime, chomh maith le tosca ábhartha eile ar bith a ardóidh na páirtithe. Beidh sé de lánrogha ag an Stiúrthóir an t-ath-implonú a dheimhniú nó ath-implonú leasaithe a chur ina ionad de réir théarmaí na scéime.
24. Má tharlaíonn sé, de bhun oibriú na scéime seo, go ndéanfar múinteoir iomarcach a ath-implonú i bpost sealadach agus go mbeidh sé/sí le hath-implonú an dara huair nó uair eile fós, déanfaidh an Stiúrthóir gach iarracht chun go ndéanfar é/í a ath-implonú i bpost buan.

Ilghnéitheach

25. Cuspóir a bhaineann le feidhmiú na scéime seo ná go ndéanfar í a fheidhmiú go pragmatach agus go mbeidh aird ar shaincheisteanna praiticiúla agus loighistice. Cuspóir eile de chuid na scéime seo ná go mbeidh sí tugtha chun críche faoi 31 Bealtaine gach uile bhliain d'fhonn líonadh na bhfolúntas a éascú. Déanfar athbhreithniú ar an ngné seo sna blianta amach romhainn d'fhonn línte ama a fheabhsú.
26. Le linn na gcainteanna a ndearnadh an comhaontú seo de thoradh orthu, mhaígh na páirtithe go bhféadfadh sé tarlú go mbeadh múinteoirí i scoileanna nach bhfuil aon iomarcaíocht iontu toilteanach aistriú ar bhonn deonach go ceantar eile sa tír. Admhaítear go bhféadfadh a leithéid d'aistriú deonach cabhrú le feidhmiú na hath-implonnaíochta ach soláthar a dhéanamh ina chomhair. Dá bhrí sin, comhaontaítear go mbeidh tuilleadh cainteanna ann i bhfómhar 2011 d'fhonn scéim thrialach a chur sa siúl chomh luath agus is féidir.